Parlaimint na hEorpa
2014-2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2018)0502

Leas a bhaint as Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2019

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2018 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2019 (COM(2018)0281 – C8-0221/2018 – 2018/2074(BUD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0281 – C8-0221/2018),

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020[2], agus go háirithe Airteagal 10 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[3], agus go háirithe pointe 11 de,

– ag féachaint do thorthaí idirphlé tríthaobhach an 4 Nollaig 2018,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A8-0453/2018),

A. de bhrí gurb amhlaidh, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002, go ndéantar méid is ionann agus EUR 50 000 000 a chur ar fáil chun réamhíocaíochtaí a íoc trí leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais;

---

1 IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
2 IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.
3 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

1. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. á threorú dá hUachtarán an rún seo, lena n-áirítear an Iarscríbhinn, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leas a bhaint as Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2019

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2019/277.)